# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

**CLÓSCRÍOBH – ARDLEIBHÉAL**
**(100 MARC)**

**DÉ hAOINE, 1st MEITHEAMH 2007, 9.30 a.m. - 11.40 a.m.**

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 a.m. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin*.

* Ní mór tabhairt faoi gach ceist.

* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'N-L' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach (láimhe) á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7rl, ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh 'N-L' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* **Ná cuir** do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

---

**CEISTEANNA**

**1.** **Triail Chruinnis** (9.40 a.m. – 9.50 a.m.) (25)

**2.** **Litir Ghnó** (20)
2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3.** **Ráiteas Táblaithe** (25)
3.1 Clóscríobh agus rialaigh go **néata** i ndúch.

**4.** **Obair Thaispeántais** (15)
4.1 Clóscríobh agus taispeáin an t-eolas coláiste go héifeachtach.

**5.** **Dearadh** (15)
5.1 Dréachtaigh an foirm iarratais bhallraíochta

**<u>CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)</u>**

**(a)** **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin ar dhá thaobh an leathanaigh.**

**(c)** **Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an <u>chóip chlóbhuailte</u> agus an <u>chóip charbóin</u> de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.**

---

Tá difríochtaí idir ní inbhailithe agus ní seanda ar fiú eolas a chur orthu de bhrí go gcuireann siad isteach ar cén áit ar féidir an ní a chur ar díol. Is minic a shainmhínítear ní seanda mar ní atá níos sine ná 100 bliain d'aois, cé gur féidir le ní inbhailithe a bheith chomh sean nó níos sine, ach a bheith nua freisin. Rinne ceardaithe oilte nithe seanda do mhargadh saibhir ach is gnáthnithe iad nithe inbhailithe a tháirgtear ar an mórchóir.

Ní hionann an margadh do nithe seanda agus do nithe inbhailithe. Tá tithe ceantála ann nach ndéanann nithe inbhailithe a láimhseáil de ghnáth, ach gur fearr leo nithe seanda níos iomráití agus níos luachmhaire a thairiscint dá gcuid cliant. Féadfar níos mó a fháil ar nithe seanda tearca ná praghas chairr nua ach ní móide go mb'fhiú níos mó ná cúpla céad euro ar a mhéid ní inbhailithe.

Ach chomh fada agus a bhaineann sé le díol, ní fiú dáiríre ní ar bith ach an praghas atá duine sásta a thabhairt air. Tá tosca ann, áfach, a shocraíonn cén tóir a bheidh ar ní:
Teirce: beidh nithe nach ndearnadh mórán díobh an chéad uair níos tarraingtí do bhailitheoir sa lá inniu.
Caitheamh ina dhiaidh: féadfaidh méadú ar an gcion ar thréimhse áirithe nó ar an gcineál táirge cuidiú chun an t-éileamh a mhéadú agus na praghasanna dá bhrí sin.
Bail: ba chóir don chur i láthair agus don phacáistíocht a bheith chomh gar agus is féidir don bhuncheann. Seans maith go laghdóidh damáiste an luach, agus mar a chéile athchóiriú agus athsholáthair páirteanna.

**(25 Marc)**

**CEIST 2 – LITIR GHNÓ**

**Clóscríobh an litir seo a leanas chuig an Uasal Tomás Ó Cadhain, Sráid an Droichid, Cionn tSáile, Co. Corcaí.**

- **Bain úsáid as an tagairt MNíC/(do thúslitreacha féin)**
- **Bain úsáid as dáta an lae inniu**
- **Cuir seoladh ar chlúdach nó ar chruth clúdaigh**
- **Fág 5 cm ar a laghad ag barr an leathanaigh don cheann litreach**
- **Tá roinnt dearmad litrithe, poncaithe agus gramadaí sa litir seo nach mór a cheartú.**

---

An tUasal

Is cúis áthais dúinn an tsaoire thion lactha in Umbria/toscáin a d'ordaigh tú déanaí a chur in áirithe. Tá na saoirí seo á n-eagrú le 10 mbliana ag ár ngnólacht agus is dóigh linn gur féidir barántas a thabhairt go mbeidh do lú saoire san iodáil eagraithe go maith agus taitneamhach. Tá an clár taistil mar seo a:

| | | |
|---|---|---|
| Satharn, 15 Meán Fómhair | 10.40 go 13.30 | Eitilt O Chorcaigh go Forli |
| | 14.00 go 15.00 | Aistriú go dtí Óstán Via in Vascione |
| Domhnach, 16 Meán Fómhair | | Saorlá do bholg-le-gréin agus an ceantar áitiúil a fheiceáil |
| Luan, 17 Meán Fómhair | 9.00 go 20.00 | Turas tionlactha ar an traein go dtí *Flórans |
| Máirt, 18 Meán Fómhair | 9.00 go 22.00 | Turas tionlactha ar an traein go dtí *an Róimh |
| Céaaoin, 19 Meán Fómhair | 9.00 go 18.00 | Turas tionlactha ar an traein go dtI *Orvieto |
| Déardaoin, 20 Meán Fómhair | 10.00 go 18.00 | Geábh siopadóireachta go dtí margaí agus siopaí áitiúla |
| Aoine, 21 Meán Fómhair | 10.00 go 18.00 | Turas tionlactha go dtí Assisi |
| Satharn, 22 Meán Fómhair | 15.00 go 16.00 | Aistriú go Forle |
| | 18.00 go 20.50 | Eitilt go Corcaigh |

*Beidh na turasanna seo á dtionlacan ag treoraí a labhraíonn gaeilge agus a thabharfaidh an grúpa go dtí na radharcanna áitiúla, ar a n-áireofar cuairt ar mhúsaem/dánlann ealaíon. Tá aitheantas ag ár ngrúpaí agus dá bhrí sin gheobhaidh siad iontráil thosaíochta isteach, mar shampla, sa séipéal Sistíneach sa Vatacáin, rud a sheachnaíonn ar an gcaoi sin scuainí fada. Déanfar an lón a chur in áirithe roimh ré chun aon mhoill a íoslaghdú agus an t-am atá ar fáil sna bailte sin a uasmhéadú.

Má tá fiosrúchán ar bith agat déan teagmháil liom le do thoil.

Is mise le Dea-ghuí,

Michelle Ní Chatháin
Stiúrthóir Bainistíochta

**(20 Marc)**

## CEIST 3 – RÁITEAS TÁBLAITHE

**RÉITIGH AN RÁITEAS TÁBLAITHE SEO A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4. TAISPEÁIN GO HÉIFEACHTACH I STÍL BHLOIC NÓ I STÍL LÁRNAITHE.**

---

BREATHNACH AGUS Ó NÉILL, BÓTHAR MÓR, TUAIM, CO. NA GAILLIMHE

LIOSTA CARRANNA RÉCHAITE AR 28 FEABHRA, 2007

| BLIAIN | MÚNLA/MÉID AN INNILL | KM/MÍLTE | DATH | PRAGHAS € |
|---|---|---|---|---|
| 2006 | TOYOTA COROLLA TERRA 1.4 | 15,000 KM | DUBH | 18,450 |
| 2006 | TOYOTA YARIS TERRA 1.0 | 13,000 KM | AIRGBAD SRÓIL | 14,950 |
| 2006 | TOYOTA COROLLA LUNA 1.4 | 15,000 KM | LIATH STOIRME | 19,450 |
| | | | | |
| 2005 | TOYOTA CELICA 1.8 | 25,000 KM | AIRGEAD | 28,950 |
| 2005 | TOYOTA AVENSIS AURA 1.6 | 14,000 KM | GORM RÉALTACH | 19,950 |
| 2005 | OPEL ASTRA 1.7D | 25,000 KM | LAMPA GEALAÍ | 17,950 |
| 2005 | TOYOTA AVENSIS STRATA 1.6 | 27,000 KM | OLÓG | 20,950 |
| | | | | |
| 2004 | TOYOTA COROLLA TERRA 1.4 | 18,000 M | SEAIMPÉIN | 14,450 |
| 2004 | TOYOTA AVENSIS AURA 1.6 | 25,000 M | GLAS DORCHA | 16,950 |
| 2004 | TOYOTA AVENSIS STRATA 1.6 | 19,000 M | DEARG RUA | 17,950 |
| 2004 | TOYOTA COROLLA TERRA 1.4 | 46,000 M | DUBH NA SPÉIRE | 14,750 |
| | | | | |
| 2003 | VOLKSWAGEN PASSAT 1.9TD | 95,000 M | LIATH DEATAIGH | 12,450 |
| 2003 | TOYOTA YARIS TERRA 1.4 | 110,000 M | DEARG CHILLI | 8,450 |

**(25 Marc)**

**CEIST 4 – OBAIR THAISPEÁNTAI**

**CLÓSCRÍOBH AGUS TAISPEÁIN AN tEOLAS COLÁISTE SEO A LEANAS GO HÉIFEACHTACH.**

---

COLÁISTE SINSEARACH DHÚN LAOGHAIRE
CEANNAIRE NÁISIÚNTA BREISOIDEACHAIS
LASMUIGH DE CHÓRAS POINTÍ AN CAO

NUA I 2007
SÍCEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH
ARD-DIOPLÓMA I SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT
CÚNTÓIR GÓGASLAINNE MIONDÍOLA

BEALAÍ EILE DO CHÉIMEANNA AGUS SLITE BEATHA
SÁSAMH PEARSANTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ LUACHMHARA
A FHÁIL
ROGHA TABHAIRT FAOI MHATAMAITIC
ARDTEISTIMÉIREACHTA ARÍS
RANGANNA BEAGA, FOGHLAIM PHEARSANTAITHE
GAN AON TÁILLÍ TEAGAISC
100 MÉADAR ÓN DART AGUS ÓN TRAEIN

1850 26534 NÓ WWW. CSD. IE

**(15 Marc)**

**CEIST 5 – FOIRM A DHEARADH**

**Ó NA SONRAÍ SEO A LEANAS, DRÉACHTAIGH FOIRM OIRIÚNACH D'IARRTHÓIRÍ DO BHALLRAÍOCHT DEN CHUMANN LEADÓIGE CÚIRTE. BAIN ÚSÁID AS AN gCEANNTEIDEAL "FOIRM IARRTAIS BALLRAÍOCHTA".**

---

CUMANN LEADÓIGE CÚIRTE

CÉAD AINM

SLOINNE

UIMHIR THEILEAFÓIN: B O

PÓCA

R-PHOST

SEOLADH BAILE

MÁS SRAITH-IMREOIR FAOI LÁTHAIR CÉN LEIBHÉAL/GRÁD?

SÍNIÚ DÁTA

CINEÁL BALLRAÍOCHTA Á LORG: SÓISEAR, MAC LÉINN, SINSEAR NÓ TEAGHLACH

**(15 Marc)**

# Leathanach Bán

Leathanach Bán